

## NUACHTLITIR CHILL CHOMÁIN

Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an éileamh le haghaidh bia orgánach tá deiseanna le fáil anois ag feirmeoirí/táirgeoirí a bheith páirteach sa réimse seo den mhargadh. I mí Aibreáin eagraíodh turas staideartha chuig mhargadh tuaithe Chathair na Mart agus chuig táirgeoirí éagsúla sa chonradh chun labhairt leo faoina dtaithe. Tá tuilleadh faoi seo ar leathanach 5.

Ins an eagrán seo dearcann muid chomh maith ar scéimeanna éagsúla athnuachana timpeallachta ar nós Míle Órga Mhaigh Eo, Glantachán Náisiúnta Earraigh agus Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara a spreagann pobail chun a dtimpeallacht áitiúil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú ar mhaithe leis an nglúin reatha agus na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

*With an increase in demand for organic products there are now opportunities available for farmers/producers to diversify and become involved in this sector of the market. Help and advice are available to those who are considering the organic option - a good place to start is the local Teagasc agricultural adviser. In April a study trip was organised to Westport country market and to various organic producers in the county to learn firsthand of their experiences. To find out more see page 5. We also examine various environmental enhancement schemes such as the Golden Mile of Mayo, National Spring Clean and the National Tidy Towns Competition which encourage communities to protect, preserve and improve their local environment for the benefit of the current and future generations.*

\* Nuachtlitir Áitiúil

\* A Community Newsletter

\* Guth an phobail ar mhaithe leis an bpobal

\* Provides a voice for the local community and an update on development issues

### San eagrán seo: In this issue

Sonraí Teagmhála	2
Visit of American Students	3
An Timpeallacht / Environment	4
Ábhar Orgánach /Organic Matters	5-6
Oiliúint / Training	6-7
Scéim Shóisialta Tuaithe / RSS	8

**Foilsithe ag Comhar Dún Chaocháin Teo (i gcomhar le fo-choiste Ghlor na nGael**

**Coiste Bainistíochta an Chomharchumainn /  
The Management Committee**

Cathaoirleach: Micheál Ó Murchú  
Rúnaí: Seán Mac Aindriú  
Cisteoir: Máire Cáit Uí Mhurchú  
Na baill eile: Micheál Ó Seighin  
Micheál de Búrca  
Caitlín Uí Sheighin  
Séamus Ó Murchú  
Uinsíonn Mac Graith

**GUTH AN PHOBAIL – HAVE YOUR SAY**

Má tá aon tuairimí agat ar ábhar an nuachtlitir seo nó moltaí le haghaidh an chéad eagrán eile ba bhreá linn cloisteáil uait.

*We welcome your comments on the items covered in this newsletter and/or any ideas you may have for the next edition.*

Déan teagmháil le:-

Treasa Ní Ghearraigh,  
Comhar Dún Chaocháin Teo,  
An tSeanscoil,  
Ceathrú Thaidhg,  
Béal an Átha,  
Co. Mhaigh Eo

Guthán: 097 88082

Ríomhphoist: [dunchaochain1@eircom.net](mailto:dunchaochain1@eircom.net)

**IONAD EOLAIS / INFORMATION OFFICE**

Tá oifig na heagraíochta lonnaithe sa Seanscoil i gCeathrú Thaidhg, áit a bhfuil eolas agus foirmeacha iarratais ar fáil faoi scéimeanna éagsúla mar shampla feabhsú tithíochta, bóithre portaigh, scéim feabhsúcháin áitiúil an Chomhairle Chondae, deiseanna traenála &rl. Tá seirbhísí cóipéala, laminating agus facs le fáil ann chomh maith.

*The organisation's office is located in the Seanscoil, Ceathrú Thaidhg, where information and application forms are available on various schemes including home improvement grants, repair of bog roads, training opportunities etc. Photocopying, laminating and fax services are also available here.*

**BAILL NUA / NEW MEMBERS**

Má tá spéis agat a bheith i do bhall ar an gcomharchumann agus ionchar níos mó a bheith agat ar chúrsaí forbartha na háite déan teagmháil le Treasa le haghaidh tuilleadh eolais.

*If you would like to become a member of the comharchumann and have a greater input into the overall development of the area please contact Treasa for further information.*

## CUAIRT SCOLÁIRÍ MEIRICEÁNACHA / AMERICAN STUDENTS VISIT



Thug scoláirí Meiriceánacha ó Scoil na Traenála Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, in éineacht lena stiúrtóir léinn Aeveen Kerrisk, cuairt ar pharóiste Chill Chomáin i mí Feabhra mar chuid dá staidéar acadúil in Éireann. Is fochéimí iad na scoláirí uilig, ó h-ollscoileanna éagsúla i Mheiriceá ó Maine go Texas, atá ar staidéar téarma in Éireann agus iad ag díriú a n-aird ar stair, polaitíocht agus imeachtaí sóisialta comhaimseartha ón dá thaobh pholaitiúil. Beidh siad ag caitheamh a gcuid ama ó thuaidh agus ó dheas den teorainn.

De réir Aeveen Kerrisk, tagann scoláirí go hÉireann le réamhthuairimí agus iomhánna den tír agus ní hionann an rud a fheiceann siad i gcathair gnóthach uirbeach mar Bhaile Átha Cliath agus an rud a bhíodar ag siúl leis. Tá sé tábhachtach go bhfaigheann scoláirí an deis dul i dtaithí ar thírdhreach agus phobal tuaithe, le tuiscint níos fearr a fháil ar mhórtas cine agus ar ghnéithe áirithe de shaol na hÉireann. Tá sé tábhachtach nach coincheap idéalach den tír, atá neamhspleach ó thrioblóidí saol an lae inniú agus athraithe sóisialta, a chuirtear faoi bhráid na scoláirí.

Cuireadh fáilte mhór chroíúil roimh an ghrúpa, a d'fhan i mBrú Chill Chomáin, le seisiún bríomhar ceol traidisiúnta i dTeach Uí Ghuidhir agus le linn a gcuairt trí lá bhí deis acu casadh le daoine éagsúla atá páirteach i bhforbairt pobail agus cúrsaí timpeallachta taobh istigh den pharóiste. Rinne Treasa Ní Ghearraigh cur i láthair ar Phlean Forbartha Chill Chomáin 2006-2010 agus ar an ndlúth-cheangal atá idir ghníomhaíochtaí áitiúla agus domhanda; rinne Uinsíonn Mac Graith cur síos ar logainmneacha Gaeilge na háite atá bailithe, mapáilte agus foilsithe i bhfoirm dhlúthdhiosca agus leabhair; dhírigh Micheál Ó Seighin a n-aird ar shaibhreas an cheoil

traidisiúnta agus amhránaíochta sa gceantar; leag Bríd Ní Sheighin, príomhoide Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, béim ar thabhacht an deashaoránacht i shaol an pháiste óg agus ar feadh a saol; rinne Maura Harrington, príomhoide Scoil Náisiúnta an Inbhir, cur síos ar fhéiniúlacht saineiúil na háite agus ar mhórtas cine an phobail agus mhínigh an ceoltóir áitiúil Vincent Mc Grath an gné speisialta a bhaineann le pobail Ghaeltachta mar a léirítear é tríd ceol agus amhránaíocht ár sinsear. Thug an grúpa cuairt ar fheirm Willie agus Mary Ó Corrduibh i mbaile beag Ros Dumhach chun léargas a fháil ar na hathraithe atá tagtha ar nósanna traidisiúnta feirmeoireachta agus na dúthshláin atá roimh pobail bheaga feirmeoireachta. Ar aghaidh leo ansin chomh fada le teach Pat O'Domhnaill i bPort Durlainn, fear atá ag brath ar an earnáil iascaireachta le blianta fada agus monarchan próiseála sliogéisc curtha ar bun aige. Mhínigh Pat na deacrachtaí atá ag iascairí beaga sa lá atá inniú ann. Threoraigh Anthony Irwin an grúpa ar shiúlóid éiceolaíoch ar na hait mhaorga taibhsiúil ag Cill a' Ghallagáin, áit a bhain siad lánradharc a súil as na radharcanna áilne. Níos moille an tráthnóna sin rinne baill ón gCampa Dlíthpháirtíochta cur i láthair ar fhuinneamh inathnuaite, inbhaineacht agus tacaíocht an phobail.

*A group of American students from the School for International Training Dublin, accompanied by academic director Aeveen Kerrisk, visited the parish of Kilcommon in February as part of their academic studies in Ireland. The students are all undergraduates from a variety of universities in the US, from Maine to Texas, on a semester study in Ireland focusing mainly on history, politics and contemporary social issues on both sides of the political divide and their time is divided almost equally between the Republic and Northern Ireland.*

*According to Aeveen Kerrisk students come to Ireland with quite set expectations and images of the country and the reality of the bustling urban cosmopolitan centre that is Dublin doesn't quite fit those images. It is important that students get the opportunity to experience a rural landscape and community, to get an understanding of what is meant by a sense of place, and to encounter the aspects of Ireland that form the bedrock of what makes us what we are. It is also important that students are not presented with a 'theme park' or with some idealized view of the country as an idyll removed from the pressures of modern life and social change.*

Upon their arrival the group, who stayed at Kilcommon Lodge, was welcomed with a lively session of traditional music in Mc Guire's pub, and during the course of their three-day visit had an opportunity to meet with various people who are involved in community development and environmental awareness within the parish. Treasa Ní Ghearraigh gave a presentation on the Kilcommon Development Plan 2006-2010 and on the intricate relationship which exists between local and global actions; Uinsíonn Mac Graith described local Irish placenames which have been collected, mapped and published in cd rom and book format; Micheál Ó Seighín outlined the area's wealth of traditional music and sean-nós singing; Bríd Ní Sheighín, principal of Scoil Náisiúnta Cheathrú Thaidhg, emphasised the importance of instilling good citizenship at an early age to help develop responsible adults; Maura Harrington, principal of Scoil Náisiúnta an Inbhir, described the area's unique identity and the community's pride of place and local musician Vincent Mc Grath explained the unique cultural aspect of Gaeltacht communities as expressed through music and song. The group also visited the farm of Willie and Mary Corduff in Ros Dumhach to observe how traditional farming practices have changed and to learn of the challenges which are faced by small farming communities. This was followed by a visit to local fisherman Pat O' Donnell who operates a shellfish processing factory in Port Durlainn where he described to the group the uncertainties faced by those involved in the fishing industry. Local guide Anthony Irwin introduced the students to the breathtaking beauty of the northern cliffs at Cill a' Ghallagáin as part of an ecology tour. Later that evening members of the Solidarity Camp gave a presentation on renewable energy, sustainability and community support.

In summarising the impact the visit had on the group Aeveen stated: In coming to Kilcommon students got a real sense of the seanfhocal 'Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine'. They had a deep and profound experience of the area and of community both from what was explicitly presented and what they homed in on themselves. The landscape itself on those bitterly cold, bright frosty days spoke volumes - the long narrow ribbons of fields running down the mountainsides, the abandoned houses, the huge new houses, the monument of the mother waving goodbye to the emigrants outside Bangor Erris. The cliffside walk was a very powerful experience, witnessing the relentless erosion of the ocean in its centuries of consuming the landscape and carving out caves and sea stacks, realizing that deep down below the waves were the homes of whales, dolphins and a

rich community of sealife, and then realizing that the ditch we walked along owed its origins to a famine relief project. Pat O' Donnell's cliff-top home gave a window into the lives of those whose livelihood depends on their relationship with the fertile fields of ocean and the constant threat from the elements and development.

Over the short length of their stay the generosity, hospitality and friendliness they experienced made a huge and lasting impression on this group. Students left with a deep sense of appreciation of the beauty of the landscape, the friendliness and hospitality of the people, but also with a deeper understanding that there is nowhere in the planet that is not affected by global interests and development and with many questions in relation to priorities and perspectives. Far from being a remote area in a remote corner of Ireland, where we might hope to escape the pressures of the modern world, the Erris peninsula is right in the centre of the challenges of globalisation.

## **AN TIMPEALLACHT / THE ENVIRONMENT**

### **Glantachán Náisiúnta Earraigh / National Spring Clean**

Tá an feachtas Glantachán Náisiúnta Earraigh, atá eagraithe ag An Taisce, deich mbliana ar an bhfód i mbliana – an feachtas is mó i leith chosc ar bhruscar in Éireann. Bhí coistí pobail ar fud na tíre páirteach san iarracht i rith mí Aibreáin agus iad ag obair leo go dian dícheallach ag bailiú bruscair. D'éagraigh Comhar Dún Chaocháin Teo, le cuidiú rannphairtithe na scéime shóisialta tuaithe agus Comhairle Chondae Mhaigh Eo, oibreacha glantacháin timpeallachta ag trána áitiúla agus ag áiteanna eile a bhfuil bruscar caite iontu. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas 'cosc ar bhruscar' agus má chleachtaítear nósanna mar laghdú, athúsáid agus athchúrsáil is féidir linn ár gceantar a choinneáil saor ó bhruscar dúinn féin agus do na glúnta atá ag teacht inár ndiaidh.

This year An Taisce celebrates ten years of National Spring Clean, Ireland's largest anti-litter campaign. Community groups from all over the country took part in the initiative which ran throughout the month of April. Comhar Dún Chaocháin Teo, assisted by participants on the Rural Social Scheme and by Mayo County Council, carried out refuse collections at local beaches and other problem areas. By working together and putting into practice the three r's (reduce, reuse and recycle) we can make our area a cleaner place to live in for ourselves and for future generations.

## **Míle Órga Mhaigh Eo / The Golden Mile of Mayo**

Is comhthionscadal é Míle Órga Mhaigh Eo idir Chomhairle Chondae Mhaigh Eo agus An Comhairle Oidhreachta a dhíríonn aird ar an oidhreacht nadúrtha agus tógála atá le feiceáil ar feadh mhíle de bhóthar. D'ullmhaigh an coiste, i gcomhar le muintir Léana Riabhach, iarratas ar an scéim agus d'fháiltigh said roimh an scéal gur baineadh amach duais i gComórtas 2007. Ag ócáid speisialta in Óstan an Ramada i mBéal an Átha ar an 22ú Aibreáin bhronn Cathaoirleach Chomhairle Chondae Mhaigh Eo Séamus Weir duais ar an ngrúpa.

*The Golden Mile of Mayo is a joint initiative of Mayo County Council and The Heritage Council which highlights the natural and built heritage of a one-mile stretch of road. The committee, in conjunction with the residents of Léana Riabhach, prepared an application for the scheme and was delighted to receive news that it had achieved an award in the 2007 Competition. At a special function in the Ramada Hotel in Ballina on 22<sup>nd</sup> April the Chairman of Mayo County Council Séamus Weir presented the group with its award.*

## **Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara / The National Tidy Towns Competition**

Bunaithe i 1958 tá sé mar aidhm ag Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara grúpaí pobail a spreagadh chun feabhas a chur ar a mbaile nó a sráidbhaile agus an timpeallacht áitiúil a chosaint, a chaomhnú agus a choinneáil slatmhar mar ionad cónaithe, oibre agus cuairtíochta. Duaischiste de €250,000 atá ceangailte leis an gcomórtas, atá eagraithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus urraithe ag SuperValu. Déanann na moltóirí measúin ar gach iarratas faoi na critéir seo a leanas:- cur chuige forbartha ar an iomlán, foirgnimh sa timpeallacht, radharc tíre, fiadhúlra agus áiseanna nadúrtha, cúram bruscair, slachtmhaireacht, laghdú bruscair, ceantair chónaithe, bóithre, sráideanna agus cúl-áiteanna agus teacht i láthair ginearálta. I mbliana don chéad uair tá sé beartaithe ag an gcoiste iarratas a chur isteach ar an scéim le haghaidh sráidbhaile Cheathrú Thaidhg agus tugann muid cuireadh do mhuintir an bhaile comhoibriú linn ar an iarracht seo. Is le dea-thoil agus cuidiú an phobail, le tacaíocht rannphairtithe na Scéime Shóisialta Tuaithe, a bhéas ar ár gcumas an plean oibre timpeallachta a chur i bhfeidhm.

*Established in 1958 the main aim of The National Tidy Towns Competition is to encourage*

*community groups to improve their town or village and to protect, preserve and keep tidy the local environment as a place of residence, work and a place to visit. Organised by the Department of Environment, Heritage and Local Government, the competition offers a prize fund of €250,000 which is sponsored by SuperValu. Adjudicators assess each application under the following criteria:- overall development, buildings in the area, scenic amenity, wildlife and nature amenities, litter control, tidiness, litter reduction, residential areas, roads, streets and general appearance. This year for the first time the committee intends to submit an application for Ceathrú Thaidhg and we invite the residents of the village to co-operate with us in our efforts. It is with the good will and help of the community, supported by participants on the Rural Social Scheme, that our environmental work plan can be realized. Ag comhoibriú le neart!*

## **FEIRMEOIREACHT ORGÁNACH**

Is córas feirmeoireachta é feirmeoireacht orgánach a sheachnaíonn úsáid leasacháin, lotnaidicídí, rialóirí fáis, breiseáin beathaigh agus ceimiceacha eile – ar mhaithe leis an gcaiteoir. Tá na treoirlínte éagsúla leagtha amach sa cháipéis 'The Standards for Organic Food and Farming in Ireland' agus é mar aidhm acu córas feirmeoireachta a fhorbairt nach gcuireann isteach ar an nadúr, a chothaíonn torthúlacht ithreach agus a chaomhnaíonn an timpeallacht agus an fiadhúlra. Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar an éileamh le haghaidh bia orgánach tá deiseanna le fáil anois ag feirmeoirí/táirgeoirí a bheith páirteach sa réimse seo den mhargadh. Tá cabhair agus comhairle le fáil ó eagraisí éagsúla mar shampla ó chomhairleoir talmhaíochta áitiúil Teagasc.

## **Margaí Tuaithe**

Céim chun cinn ar an bhfeirmeoireacht orgánach is ea bunú margaí tuaithe. Tá margaí ar fud na tíre faoi lánseol agus daoine ar thóir tháirgí úra, áitiúla mar shampla torthaí, glasraí, feoil, iasc, cáis, uibheacha, subha, earraí bacála &rl. Ceann de na buntaistí is mó a bhaineann le margadh tuaithe ná go tagann an caiteoir i dteagmháil leis an tairgeoir bia ar an lá agus mar sin tá aischothú ar an bpointe. Dé réir mar a mhéadaíonn costaisí taistil agus mar sin costaisí na mbianna a thagann isteach sa tír tá sé tabhachtach bia áitiúil a cheannacht agus tacú le eacnamaíocht inbhuaine agus neamhspleach. Tá gné tabhachtach sóisialta ag baint leis na margaí tuaithe chomh maith, áit a bhfuil deis ag muintir na háite bualadh le chéile. I measc na buntaistí eile tá fáil ar bhia atá

séasúrach agus caighdeánach, tá níos mó airgead ginte sa gceantar, níos mó deiseanna fostaíochta go réigiúnach, caomhnú ar tháirgí speisialta agus rogha níos fearr le fáil ag an gcaiteoir. Agus níos mó ná 120 margáí tuaithe ag feidhmiú in Éireann faoi láthair táthar ag súil go mbunófaí ceann i gceantar Iorrais go luath.

Ábhar léitheoireachta molta: *Guide to Selling Through Farmers' Markets, Farm Shops and Box Schemes in Ireland*. Le fáil ó Bord Bia  
Uimhir Ghutháin: 01 6685155  
Ríomhphost: [info@bordbia.ie](mailto:info@bordbia.ie)

### **Turas Lae chuig Táirgeoirí Orgánacha**

Ar an 24<sup>ú</sup> Aibreáin seo caite d'eagraigh an coiste, i gcomhar le Comhar Iorrais Leader Teo, turas lae chuig mhargadh tuaithe Chathair na Mart agus chuig táirgeoirí orgánacha éagsúla sa chondae. Thug an turas staideartha, a bhí páirt-mhaoinithe ag Údarás na Gaeltachta faoin scéim Cairdeas, deis do mhuintir na háite labhairt leis na táirgeoirí agus foghlaim uathu.

### **ORGANIC FARMING**

*Organic farming is a system of farming which avoids the use of fertilisers, pesticides, growth regulators, feed additives and other chemicals – all good news for the consumer. The various guidelines are set out in a document called 'The Standards for Organic Food and Farming in Ireland' and aim to develop a system of farming that co-exists with nature, sustains soil fertility and protects the environment and wildlife. With an increase in demand for organic products there are now opportunities available for farmers to diversify, and for others to become involved in this sector of the market. Help and advice are available to those who are considering the organic option - a good place to start is the local Teagasc agricultural adviser.*

### **Country Markets**

*A natural progression from organic farming is the establishment of country markets. Country markets nationwide are bustling with activity as buyers strive to purchase fresh, locally-produced foods including fruit, vegetables, meat, fish, cheese, eggs, jams, home baking etc. One of the many advantages of the country market is that the consumer comes in direct contact with the food producer so there is good traceability and instant feedback. As transport costs and therefore the costs of many imported foods are predicted to increase in price it is important to buy local and support a sustainable and self-reliant food*

*economy. Country markets are also valued for their social dimension, giving people in a locality a chance to meet and interact with each other. Other benefits include access to seasonal, quality food, more money circulating in local economies, increased employment opportunities regionally, the preservation of regional specialities and a greater level of choice for consumers. With over 120 farmers' markets now operating in Ireland it is hoped to develop a similar initiative in the Erris area in the near future.*

*Recommended Reading: Guide to Selling Through Farmers' Markets, Farm Shops and Box Schemes in Ireland. Available from Bord Bia  
Tel: 01 6685155  
E-mail: [info@bordbia.ie](mailto:info@bordbia.ie)*

### **Day trip to Organic Producers**

*On 24<sup>th</sup> April last the committee, in conjunction with Comhar Iorrais Leader Teo, organised a day trip to visit Westport country market and various organic producers in the county. The study trip, which was part-funded by Údarás na Gaeltachta under the Cairdeas scheme, presented an opportunity to speak to existing producers and to learn firsthand about their experiences.*



An grúpa ag tabhairt cuairt ar fheirm mairteola orgánach / The group visits an organic beef farm

### **CÚRSAÍ OILIÚNA / TRAINING COURSES**

#### **Cúrsa Ealaíne agus Ceardaíochta / Arts and Crafts Course**

Tá cúrsa ealaíne agus ceardaíochta faoi lánseol sa Seanscoil chuile Luan óna 7.30 i.n. go dtí 9.30 i.n. faoi stiúir Mary Healy Carter. Mairfidh an cúrsa, atá maoinithe ag Coiste Gairmoideachais Condae Mhaigh Eo, ar feadh deich seachtaine. Déan teagmháil le 086 8705465 led' thoil le haghaidh tuilleadh eolais.



*An arts, crafts and textiles course is currently underway in the Seanscoil every Monday between 7.30 p.m. and 9.30 p.m. with tuition provided by Mary Healy Carter. The course, which runs for ten weeks, is funded by Mayo Vocational Education Committee. Please contact 086 8705465 for further details.*

### **Bunaigh do Ghnó Féin / Start Your Own Business**

*An bhfuil tú ag smaoineamh ar do ghnó féin a chur ar bun ach níl tú cinnte cén áit ba chóir duit tosnú? Ag brath ar éileamh tá sé i gceist Cúrsa Gnó agus Bainistiú Airgeadú a eagrú sa gceantar. Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le Treasa ag 097 88082 / 087 1251642 nó le Mary ó oifig Comhar Iorrais Leader Teo ag 097 82303.*

*Have you a business idea that you would like to develop but are unsure of how to get started? Pending sufficient demand it is proposed to run a Start Your Own Business and Managing Finances Course in the area. For further information please contact Treasa on 097 88082 / 087 1251642 or Mary at Comhar Iorrais Leader Teo on 097 82303.*

### **Bunchúrsa i Sláinteachas Bia / Primary Course in Food Hygiene**

*Tá na dátaí socruithe le haghaidh an bunchúrsa i sláinteachas bia a bhéas ar siúl sa Seanscoil mar seo a leanas:- 13ú, 14ú, 20ú agus 21ú Bealtaine óna 7.00 i.n. go 10.00 i.n. Tá traenáil san ábhar seo riachtanach má tá sé ar intinn agat a bheith ag obair sa réimse ullmhú bia nó soláthar seirbhísi bia mar shampla tithe tabhairne, bialanna, óispidéal, siopaí caife &rl. Tá sé tabhachtach chomh maith dóibh siúd a chuireann lóistín leaba agus bricfeasta ar fáil nó mná tí a choinníonn scolairí le haghaidh an Choláiste Samhraidh. Tá an cúrsa seo deimhnithe ag Cumann na nOifigí Sláinte Timpeallachta.*

*The Primary Course in Food Hygiene will be held in the Seanscoil on the following dates:- 13<sup>th</sup>, 14<sup>th</sup>, 20<sup>th</sup> and 21<sup>st</sup> May from 7.00 p.m. to 10.00 p.m. Food Hygiene Training is a necessary requirement if you plan to work in any food preparation/service areas for example bars, restaurants, hospitals, cafes etc. It is also important for people who operate bed and breakfast businesses and mná tí who provide accommodation for students attending the Coláiste Samhraidh. This course is certified by the Environmental Health Officers' Association.*

### **TODCHÁÍ NA TEANGA GAEILGE / THE FUTURE OF THE IRISH LANGUAGE**

#### **An Staidéar Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht / Linguistic Study**

*Léiríonn an 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht' go bhfuil dúthshlán roimh pobail agus eagraisí stáit atá ag feidhmiú sna ceantracha Gaeltachta an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga pobail i bhfianaise a phráinní is atá an staid reatha teanga. Eagraíodh cruinniú faisnéise poiblí sa Seanscoil ar an 26ú Feabhra chun é seo agus gnéithe eile den Staidéar a chur i láthair phobail Mhaigh Eo. Bhí údair an staidéir i láthair chun míniú a thabhairt ar an modheolaíocht a bhain leis, na torthaí agus na moltaí a phlé agus chun ceisteanna a fhreagairt.*

*Rinneadh mionphéigh ar an staidéar chomh maith ag cruinniú a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead ar an 7ú Aibreáin faoi stiúir Pádraig Ó hAoláin (Príomhfheidhmeannach) agus ag comhdháil lae ar Ghaeltachtaí Mhaigh Eo a eagraíodh in Iarsmalann Náisiúnta Saol na Tuaithe, Caisleán a' Bharraigh ar an 25ú Aibreáin, áit a raibh Micheál Ó Seighin i measc na n-aiochainteoirí.*

*The study 'Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht - A Comprehensive Linguistic Study on the use of Irish in the Gaeltacht' illustrates the challenge facing communities and state agencies operating in Gaeltacht areas to preserve the Irish language, in light of the evidence of its decline as a community language. A public information meeting was organised in the Seanscoil on 26<sup>th</sup> February where communities throughout Mayo had an opportunity to discuss this and other aspects of the study with its authors who explained the methodology used and the results obtained. This was followed by a question and answer session.*

*The study was also discussed at a meeting in Béal an Mhuirthead on April 7<sup>th</sup>, which was organised by Údarás na Gaeltachta and chaired by Pádraig Ó hAoláin (Príomhfheidhmeannach) and at a one-day conference on the theme of Gaeltachtaí Mhaigh Eo organised in the National Museum of Country Life, Castlebar on 25<sup>th</sup> April where Micheál Ó Seighin was among the guest speakers.*

## AN SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE

### THE RURAL SOCIAL SCHEME

Tá plean oibre timpeallachta an chomarchumainn dá chur i bhfeidhm faoi Scéim Shóisialta Tuaithe Chill Chomáin, atá dá reachtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin faoi scáth Údarás na Gaeltachta. Is iad seo a leanas cuid de na h-oibreacha a cuireadh i gcrích le bliain anuas:-

Balla cloch tógtha ag dealbh Caochán  
Áis picnice ag dealbh Caochán  
Treormharcáil ar shiúlóidí Ceathrú Thaidhg  
Áit páirceála déanta in aice na Seanscoile  
Obair ar ghairdín na Seanscoile  
Cuidiú le scoil náisiúnta Cheathrú Thaidhg chun gairdín glasraí orgánacha a fhorbairt  
Balla cloch agus áis picnice tógtha ag Céibh a' Chalaisidh i Ros Dumhach  
Oibreacha feabhsúcháin ar thobar beannaithe a' Chalaisidh i Ros Dumhach  
Bailiú bruscar i mbaile Cheathrú Thaidhg agus ar na trána áitiúla

Chun eolas breise a fháil déan teagmháil le Pádraig Ó Dochartaigh (saoiste na scéime) ar 087 9785035

*The Cill Chomáin Rural Social Scheme is managed by Cumann Lúthchleas Gael Chill Chomáin under the auspices of Údarás na Gaeltachta and includes an environmental enhancement workplan submitted by Comhar Dún Chaocháin Teo. The following are some of the works carried out over the past year:-*

*Erection of stone wall at Caochán sculpture  
Development of picnic area at Caochán sculpture  
Waymarking of Ceathrú Thaidhg loop walks  
Development of parking area adjacent to the Seanscoil  
Reseeding of lawn at the Seanscoil  
Assisted Ceathrú Thaidhg national school to develop an organic vegetable garden  
Erection of stone wall and development of picnic area at Céibh a' Chalaisidh in Ros Dumhach  
Improvement works to the holy well at Céibh a' Chalaisidh  
Refuse collection in Ceathrú Thaidhg village and on local beaches*

*For further information please contact Pádraig Ó Dochartaigh (local supervisor) on 087 9785035*



Áis picnice ag Céibh a' Chalaisidh



Balla cloch ag dealbh Caochán



Áis picnice ag dealbh Caochán

Grianghraif: Uinsíonn Mac Graith